



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

## SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

---

### EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

---

DÉARDAOIN, 20 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

---

Freagair sé cheist ar bith.

Tá 60 marc ag gabháil le Ceist 1.

Tá 48 marc ag gabháil le gach ceist eile.

Scríobh do chuid freagraí go léir sa fhreagarleabhar.

**Iomlán na Marcanna: 300 marc.**

1. Freagair sé **cinn** ar bith de na codanna (a) – (j).
- (a) Ainmnigh **trí** phór muice agus san áireamh bíodh ar a laghad **dhá** phór atá oiriúnach don tógáil (neamhdhian) lasmuigh.
  - (b) Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le síol arbhair Indiaigh a chur faoi phlaisteach.
  - (c) Déan cur síos achomair ar an gcaoi a ndéanfá tástáil ar shampla bia lena fháil amach an raibh siúcra dí-ocsaídithe i láthair.
  - (d) Rangaigh na cineálacha carraige seo a leanas:
    - (i) grianchloichít
    - (ii) sceall
    - (iii) basalt.
  - (e)
    - (i) I gcás an francach donn (*Rattus norvegicus*) ar fheirmeacha, tabhair sampla den damáiste a dhéantar:
      - 1. maidir le beostoc
      - 2. maidir le barr.
    - (ii) Déan cur síos ar bhealach **amháin** leis an lotnaid seo a shrianadh.
  - (f) Déan cur síos achomair ar shaolré *Babesia*, an prótasón is cúis leis an mbuinne dearg.
  - (g) Déan comparáid idir sciodar agus aoileach.
  - (h) Tabhair suíomh beacht **agus** feidhm na geodanna seo a leanas de chorp mamaigh:
    - (i) an t-artaire heipiteach
    - (ii) féith iomprach an ae.
  - (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de bhláth féir.
  - (j) Luaigh an garmheáchan, ina kg, iontu seo a leanas nuair a bheirtear iad:
    - (i) lao déiríochta fireann
    - (ii) uan singil
    - (iii) banbh.

**(60 marc)**

2. (a) Taispeántar sa tábla thíos torthaí tástálacha ithreach ar shamplaí as trí pháirc éagsúla.
- Páirc 1. Páirc inar cuireadh eorna sna trí bliana roimhe sin.  
 Páirc 2. Bán treafa.  
 Páirc 3. Banrach dhéiríochta.
- |                              | <b>Toradh A</b> | <b>Toradh B</b> | <b>Toradh C</b> |
|------------------------------|-----------------|-----------------|-----------------|
| <b>Tástáil ar nítrigin</b>   | ard             | íseal           | measártha       |
| <b>Tástáil ar fosfar</b>     | ard             | measártha       | measártha       |
| <b>Tástáil ar photaisiam</b> | íseal           | íseal           | measártha       |
- (i) Meaitseáil gach páirc ar leith lena toradh cuí **agus** cosain do rogha i **ngach** cás ar leith.  
 (ii) Cé acu **ceann** de na trí mhacrachothaitheach thusa **nach** n-áirítear mar dhrochthruailleán uisce?
  - (b) (i) Luaigh **dhá** chaighdeán ar bith nach mór d'aol meilte a chomhlíonadh leo sula féidir é a dhíol.  
 (ii) Luaigh **dhá** iarmhaint ar an ró-aoladh.
  - (c) Déan cur síos ar iniúchadh chun pH ithreach a aimsiú.

**(48 marc)**

### 3. Rogha a hAon

- (a) Déantar cur síos ar an gcoirce fiain coiteann (*Avena fatua*) mar fhiaille *dhíobhálach*.  
(i) Tabhair **trí** chúis a n-áirítear an fhiaille seo a bheith díobhálach.  
(ii) Ainmnigh **dhá** fhiaille dhíobhálacha eile.
- (b) Bhí an coirce saothraithe (*Avena sativa*) ar an ngránach ba mhó a saothraíodh in Éirinn uair amháin.  
(i) Tabhair **dhá** chúis leis an meath a tháinig ar shaothrú *Avena sativa*.  
(ii) Tabhair **dhá** chúis le coirce a chur.
- (c) (i) Liostaigh **trí** dhifríocht idir meiteamorfóis ionlán agus meiteamorfóis neamhionlán i bhfeithidí.  
(ii) Ainmnigh feithid **amháin** a ghabhann faoi **gach** cineál **ar leith** meiteamorfóise díobh.

(48 marc)

NÓ

### 3. Rogha a Dó

- (a) Is scil faoi leith i riар caorach atá san altramú uan.  
(i) Mínigh an téarma *altramú* sa chomhthéacs seo.  
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** mhodh a úsáidtear in altramú uan.
- (b) (i) Déan plé ar an bhféadfadh fadhbanna tromchúiseacha sláinte a theacht chun cinn i measc na n-ainmhithe nuair a bhíonn róphlódú i dtithíocht eallaigh.  
(ii) Tabhair iarmhaint **amháin** ar róstocáil i mbanrach.
- (c) (i) I gcás táirgeadh uan ramhar túis earraigh, luaigh:  
1. pór oiriúnach *reithe*  
2. cineál oiriúnach *caorach*.  
(ii) Cosain do rogha i **ngach** cás.

(48 marc)

### 4. Déan cur síos ar thurgnaimh saotharlainne nó allamuigh maidir le **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- (a) Tionchar an struchtúir ar an bpiochspás ionlán in ithir a iniúchadh.
- (b) Saothrán baictéar a fhás ó fhréamhnoidíni seimre.
- (c) An méid ábhair thirim i bhféar i mbanrach a mheas.
- (d) An luach fuinnimh ar bhia-ábhar feirme a aimsiú.

(48 marc)

5. (a) Tabhair breac-chuntas ar phríomhphrionsabail táirgthe na tarbhfeola.
- (b) Tabhair breac-chuntas ar na prionsabail bhainistíochta maidir le bó bhainne ó lár lachta go lachtadh déanach.
- (c) Mol cúiseanna le háireamh ard baictéar iomlán (TBC sa Bhéarla) i mbainne.

(48 marc)

6. (a) De bharr na báistí fadtréimhsí i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2012, comhairlíodh d'fheirmeoirí airde ghearrtha féir le haghaidh sadhlais a ardú ó 5 cm go 10 cm.
- (i) Mol cúis eolaíochta leis an gcomhairle sin.
- (ii) Céard iad na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le sadhas a dhéanamh faoi na dálaí aimsire sin?
- (b) (i) Mínigh an téarma *uainíocht na mbarr*.
- (ii) Ainmnigh **dhá** bharr a mbaintear úsáid astu go coitianta in uainíocht na mbarr **agus** tabhair cúis le húsáid **gach** aon cheann ar leith díobh.
- (c) (i) Tarraing léaráid atá lipéadaithe go soiléir de struchtúr inmheánach duille.
- (ii) Liostaigh **ceithre** ghné de dhuille a chuireann ar a chumas fótaisintéisiú a oiread agus is féidir.

(48 marc)

7. (a) Mínigh **gach aon cheann** de na téarmaí seo a leanas: *Ailléil; Teitreaplóideach; Meiteapas*.
- (b) I gcearca grísce, tá clúmh bán (B) ceannasach ar chlúmh dearg (b). Tá fad na círe ar an gceann faoi smacht dhá ailléil: fadchíorach (F) agus gearrchíorach (G). Tá riocht idirmheánach ann, meánchíorach, agus tagann sé sin chun cinn nuair a chrosáltear éan íonphórúcháin fadchíorach le héan gearrchíorach.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas agus úsáid á baint agat as na litreacha a thugtar thusa.
- (i) Luaigh an géinitíopa a bheadh ag sicín meánchíorach faoi chlúmh dearg.
- (ii) Luaigh an géinitíopa a bheadh ag sicín gearrchíorach faoi chlúmh dearg.
- (iii) Má chrosáltear coileach fadchíorach faoi chlúmh dearg le cearc íonphóraithe ghearrchíorach faoi chlúmh bán, luaigh an géinitíopa **agus** an feinitíopa a mbeifeá ag súil leo sa ghlúin F1.
- (iv) Má dhéantar cúpláil ansin idir dhá shiblín F1, cén dochúlacht atá ann gur sna riochtaí seo a leanas a bheidh sicín F2:
1. meánchíorach faoi chlúmh bán?
  2. meánchíorach faoi chlúmh dearg?
  3. gearrchíorach faoi chlúmh dearg?
- (c) Mínigh na buntáistí a bhaineann le seamhan gnéaschinnte, mar a dhíolann cuideachtaí IS (AI sa Bhéarla) é.

(48 marc)

8. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b), (c).

- (a) Tabhair breac-chuntas ar na straitéisí, **seachas uainíocht na mbarr**, a mbaineann feirmeoirí orgánacha agus saothróirí atá feasach ar an gcomhshaol úsáid astu agus iad ag déileáil leo seo:
- (i) fiailí
  - (ii) lotnaidí inveirteabreacha
  - (iii) galair fhungasacha.
- (b) Tá ról tábhachtach ag an bhfótaisintéis sa timthriall carbóin.
- (i) Tabhair breac-chuntas ar ról na fótaisintéise sa timthriall carbóin.
  - (ii) Scríobh cothromóid chothromaithe le haghaidh na fótaisintéise.
  - (iii) Ainmnigh **dhá** chéim ar bith eile sa timthriall carbóin **agus** déan cur síos orthu.
- (c) Déan idirdhealú idir **trí** cinn ar bith de na péirí téarmaí seo a leanas:
- (i) *Ceathrú dhubh* in eallach agus *Lorga dhubh* i bprátaí.
  - (ii) *Biatas fodair* agus *biatas siúcra*.
  - (iii) *Féarlas agus Féar tirim*.
  - (iv) *Cruimheanna* agus *péisteanna* i gcaoirigh.

(48 marc)

9. Tabhair míniúcháin eolaíocha ar **cheithre** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- (a) An tóir a bheith ag dul i méid sa déiríocht ar bha ar crosantaigh *Holstein-Jersey* iad.
- (b) Ardcheannas cáil ar chineálacha eile barr foráiste geimhridh le blianta beaga anuas.
- (c) Micriomadú cineálacha nua prátaí.
- (d) Suaitheadh sciodair sula leatar é.
- (e) An chúis le conablaigh ró-ramhra ag muca in aonaid a riartar go dona.

(48 marc)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán